

Treoirínte tras-scríofa

Réamhobair

- Déan sraith de ghíotaí beaga fuaime (4-8 soic.) in Transcriber, sula thosaíonn tú ag clóscríobh. Féach ar bhuntreoracha Transcriber (thíos).

Tras-scríobh

- Bain úsáid as cluasáin chun an comhad fuaime a chloisteáil níos fearr.
- Ná éist le giota fuaime níos mó ná trí uaire.
- Scríobh gach rud a deireann an cainteoir.
msh. *tá sé acubsan, fan bomaite, ag toiseacht, an cás san, trí carranaí, daoíní, éanacha*
- Ná ceartaigh an ghramadach.
msh. *an seachtain seo caite, an arán, leis an tAire ... ag an bord, timpeall an scoil*
- Úsáid gnáth litriú caighdeánach.
 - Scríobh deireadh an fhocail fiú nuair nach fuaimnítear é.
msh. *Bhí sé socraithe. Tá siad imithe. Sílim go dtiocfadh sé amárach. Céard atá tú ag déanamh?*
 - Má tá iarmhír dhifriúil/bhreise ar fhocal, léirigh sa trasscríobh í. Msh. *Rud a fháilt, iasc a cheannacht, ticéadaí, carranaí, éanacha, &rl.*
 - Ná cum aon litriú (msh. ná déan iarracht foghraíocht chanúnach a léiriú)
msh: scríobh *mná, cnoc* seachas *mrá, croc &rl.*
msh: scríobh *gabháil* seachas *goil, guil &rl.*
msh: scríobh *maith* seachas *my, mi &rl.*
- Úsáid gnáth poncaíocht sa thras-scríobh: ceannlitir ag tús abairte; lán stad, comhartha ceiste nó comhartha uailbhreasa ag deireadh abairte; agus camóga nó ... i lár abairte más gá, msh.
 - *Thapaíodar [an] an margadh a bhí ann ... agus*
 - *sílim gu- gurb in é an fáth é,*
 - *dháiríre.*
- Le haghaidh focail chanúnacha, bain úsáid as an liosta focal canúnach. Mura bhfuil an focal ann, tarraing aird air (i do thuairisc tras-scríofa) agus cuirfear ar an liosta é más gá.
msh. *fá dtaobh de; caidé; cha*
msh. *rud éicint; aríst, acub, chuile*
msh. *ansan, so, súd, tig*
msh. *mada, madadh, fataí, prátaí*
msh. *Fan bomaite, domh, léithe*
msh. *Conas a thánn tú?*
- Focail chanúnacha comónta: <http://www.tcd.ie/slscs/research/projects/current/liostai.php#fc>

- Malairt Focail (Ó Dónaill, 1977): <http://www.tcd.ie/slscs/research/projects/past/vars.php>
- Bain úsáid as giorrúcháin chaighdeánacha ón liosta seo a leanas más gá. [*b'fhéidir, m'athair, d'athair, an baile s'againne, 'sé, 'dé mar*].
Má tá giorrúchán breise ag teastail uait tarraing aird air i do thuairisc.
- Giorrúcháin: <http://www.tcd.ie/slscs/research/projects/current/liostai.php#gearr>
- Mura bhfuil tú cinnte céard a dúradh, scríobh mar seo a leanas é:
Bhí <sé mhí ann> [?]
- Más maith leat nóta tráchta a thabhairt dúinn faoi mír éigin sa tras-scríobh (msh. débhríocht), déan mar seo a leanas é, ag baint úsáid as [%]:
msh. sé mhí ansin [% débhríoch: sé a bhí ansin]
msh. gabhaimid [% nó "gabhaimid"] ar aghaidh
- Má tá píosa nach dtuigeann tú nó nach gcloiseann tú ar chor ar bith, bain úsáid as xxx: msh. *Thug mé xxx dó. Tá sí xxx agus amárach*
- Scríobh síos aon athrá a chloiseann tú – ach ná caith morán ama air. Ná éist leis an giota fuaimne níos mó ná dhá uaire.
msh. *Tá sé [ar] ar [an an] an mbord*
- Scríobh síos aon chuid de fhocal a chloiseann tú mar seo a leanas:
msh. *Tá sé ar an m- m- mbord*
msh. *Déanfaidh mé amá- amárach é*
- I gcás **sos líonta** (filled pause) m.sh fuaimneanna ar nós *em, um, mm, uhuh* .&rl. sa chaint (msh. nuair atá an cainteoir ag lorg focal nó ag smaoineamh), bain úsáid as míreanna sa tábla seo amháin <http://www.tcd.ie/slscs/research/projects/current/liostai.php#sl>
Má tá míreanna eile ag teastáil uait tarraing aird uirthi i do thuairisc agus cuirfead ar an liosta iad.
msh. *Tháinig sé em anuraidh. Hm mm.*
- Bain úsáid as litriú caighdeánach de **nathanna cumarsáide**, msh *OK, yeah, &rl.*
ag: <http://www.tcd.ie/slscs/research/projects/current/liostai.php#nath>
- Léirítear nithe nach focail iad mar seo a leanas:
@=méanfach, @=casacht, @=brúcht, @=gáire, @=caoineadh, @=sraoth, @=bualadh_bos, @=carr
msh. *@=méanfach Brón orm.*
- Scríobh uimhreacha amach ina iomláine.
msh. *trí euro caoga; naoi déag nócha naoi; seol téacs chuig a cúig, a cúig, a trí, a seacht, a naoi*
- Le haghaidh teideal (msh. *leabhar, scannán, amhrán &rl.*), déan mar seo a leanas:
msh. *Wiki_Ireland, Ná_Lig_Sinn_i_gCathú, In_Bruges*
msh. *Scríobh Breandán Ó Buachalla an leabhar Gaeilge_Chléire.*
- Má litríonn duine focal, litir ar litir, msh. acrainm (acronym) nó focal ar bith eile, bain úsáid as @L mar seo a leanas:

msh. [Litrím m'ainm mar ANN@L](#)

msh. [GAA@L](#) [RTE@L](#), [IMF@L](#)

Ach má fuaimnítear an acronym mar fhocal scríobh mar seo é: [SIPTU](#), [IBEC](#), [NASA](#)

- Léirigh focail iasachta mar seo a leanas, ag baint úsáid gnáth litriú Gaeilge agus Béarla.

msh. [Tá sé ag turnáil](#). [Tá sé sa bhfridge](#). [Tá computer nua agam](#)

Eisceacht: Má tá débhríocht ann idir Gaeilge agus Béarla (nó teanga eile), nuair nach Gaeilge atá i gceist léirigh mar seo é:

msh. [brat@eng](#), [teach@eng](#), [bean@eng](#)

Buntreoracha Transcriber

- Oscail Transcriber agus lean na treoracha chun comhad fuaim a oscailt.
- Uasmhéadaigh an fhuinneog.
- Zúmáil isteach go dtí sliocht ~15 soicind.
- Sa roghchlár Options|General, bí cinnte go roghnaíonn tú Encoding | Unicode (UTF-8).
- Leis an chúrsóir a bhoga dh, cliceáil ar an fhuaimthonn nó ar abairt sa trascríobh.
- Le fuaim a sheinm ó áit a bhfuil an cúrsóir, brúigh an eochair <TAB>.
- Leis an fhuaim a chur ar “pause”, brúigh an eochair <TAB>.
- Le teorainn a chur leis an fhuaimthonn (m.sh. ag briseadh nó stad sa chaint), brúigh an eochair <ENTER/RETURN>.
- Le teorainn a bhogadh, brúigh an eochair <CTRL>, clécliceáil ar an teorainn agus tarraing ar aghaidh nó siar í. (Má bhíonn trí chnaipe ag do luch, is féidir an chnaipe lárnach a úsáid gan an eochair <CTRL> a bhrú.)
- Le teorainn a scrios, brúigh <CTRL> agus <BACKSPACE> le chéile.
- Le cainteoir a roghnú/cruthú nó cainteoir a athrú brúigh <CTRL> t (turn - *babhta*).
- Má tá beirt ag caint an am chéanna: cruthaigh babhta nua, cliceáil ar Overlapping Speech agus roghnaigh na cainteoirí.
- Tá treoracha níos iomláine ar fáil sa roghchlár Help|Reference manual.